M 7

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

***Scrúdú na hArdteistiméireachta 2006***

# Gaeilge Ardleibhéal

Páipéar 1

170 MARC

**Déardaoin, 8 Meitheamh**
**Tráthnóna, 1.30 go dtí 4.20**

*Treoracha d'iarrthóirí ar leathanach 2*

# *Treoracha d'iarrthóirí*

**FREAGAIR CEIST 1 (*leathanach 3*) AGUS**
**CEIST 2 (*na leathanaigh 4-7*)**

*Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.*

*Caillfear marcanna trí bheith faillíoch ann.*

# Ceist 1

## CEAPADÓIREACHT 100 MARC

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN de ***A, B, C nó D*** anseo thíos.
*Nóta: Ní gá dul thar 500-600 focal i gcás ar bith.*

### A – AISTE – 100 marc

Scríobh AISTE ar CHEANN AMHÁIN de na hábhair seo.

(a) Oideachas maith – is áis riachtanach do shaol an lae inniu é.
(b) Sobaldrámaí – scáthán ar shaol ár linne.
(c) An Sean is an Nua in Éirinn.

### B – SCÉAL – 100 marc

Ceap SCÉAL a mbeadh do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo oiriúnach mar theideal air.

(a) Is fearr fearg ná plámás.
(b) Díomá.

### C – ALT NUACHTÁIN / IRISE – 100 marc

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo.

(a) Tá beirt daltaí ó thíortha iasachta ag freastal ar do scoil. Iarradh ortsa agallamh a chur orthu faoina dtuairimí den scoil agus den saol in Éirinn.

Scríobh alt, bunaithe ar an agallamh sin, d'iris na scoile.

(b) Le linn 'Seachtain na Gaeilge' i do scoil i mbliana, chuir tú agallamh ar phearsa mhór theilifíse. Phléigh sibh a d(h)earcadh ar an nGaeilge agus an todhchaí a fheiceann sé/sí atá i ndán dár dteanga agus dár gcultúr náisiúnta.

Scríobh alt, bunaithe ar an agallamh sin, d'iris na scoile.

### D – DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID – 100 marc

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo.

(a) Scríobh an chaint a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son an rúin seo a leanas **nó** ina aghaidh:

*"Níl muinín ag an bpobal as na Gardaí inniu".*

*(b)* Is ball tú den ghluaiseacht idirnáisiúnta timpeallachta *Greenpeace.*
Iarradh ort píosa cainte a dhéanamh le Comhairle na Mac Léinn sa scoil seo agatsa ar an ábhar seo a leanas:
*"Tá sé de dhualgas ar aos óg na linne seo a ndícheall a dhéanamh chun timpeallacht álainn na tíre seo a chaomhnú*".

Scríobh an píosa cainte a dhéanfá le Comhairle na Mac Léinn.

# Ceist 2

## LÉAMHTHUISCINT 70 MARC

Freagair **A** ar na leathanaigh 4 (thíos) agus 5 (thall), ***agus*** **B** ar na leathanaigh 6 agus 7.

### A –35 mharc

*Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.*
BÍODH NA FREAGRAÍ I D'FHOCAIL FÉIN, OIREAD AGUS IS FÉIDIR LEAT.

## BRÍD ROGERS: Gaeilgeoir, Polaiteoir Mná agus Aire

**1** Is as Gaoth Dobhair i nGaeltacht Thír Chonaill do Bhríd Rogers. Is ann a rugadh í sa bhliain 1935, agus is le Gaeilge a tógadh í. Is cuimhin léi, deir sí, dul go teach a muintire i nGaillimh agus í an-óg, agus ag teip uirthi aon chomhrá a dhéanamh lena gaolta ann. Béarla ar fad a bhí acusan agus ní raibh ach Gaeilge aici féin. D'fhreastail sí ar mheánscoil Naomh Lughaidh i Muineachán, agus rinne sí céim ar an ollscoil i mBaile Átha Cliath. Bhí plean aici cur isteach ar phost leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha ach ní mar sin a tharla. Thit sí i ngrá le fear as a ceantar féin, Antaine Mac Ruairí, a chuaigh ag obair ar an Lorgain i gContae Ard Mhacha mar fhiaclóir. Is ann a bhog sise nuair a pósadh iad i 1960, agus thosaigh Bríd ag múineadh sa cheantar.

**2** Bhí Bríd cairdiúil le daoine as Tuaisceart Éireann agus í ar scoil agus ar an ollscoil. Níor thuig sí polaitíocht an cheantair sin áfach go dtí go ndeachaigh sí ag cónaí ann. Chonaic sí *gerrymander* ar siúl sna toghcháin áitiúla: áit ar bith a raibh móramh ag Náisiúnaithe sa phobal, roinneadh na toghcheantair go héagórach sa chaoi is go mbeadh an móramh ag na hAontachtaithe sna toghcháin. I gcúrsaí fostaíochta sna comhairlí freisin ní bhfaigheadh na Caitlicigh ach na poist ba shuaraí. Ba le cur in aghaidh éagóirí mar sin a cuireadh Cumann Cearta Sibhialta Thuaisceart Éireann ar bun, agus thosaigh Bríd ag bailiú eolais dóibh le cur os comhair Rialtas na Breataine. Nuair a shocraigh Rialtas na Breataine Binse Fiosraithe Cameron a bhunú chun an cás a scrúdú go mion, lean Bríd uirthi ag bailiú faisnéise. Thuig sí ag an am go raibh tús curtha aici le hobair a chuirfeadh cor mór ina cinniúint.

**3** Leasaíodh córas an rialtais áitiúil sa Tuaisceart mar thoradh ar Thuarascáil Cameron; toghadh baill den Chumann Cearta Sibhialta ina bhfeisirí parlaiminte in Stormont agus ina gcomhlaireoirí áitiúla. Tháinig deireadh leis an seanpháirtí Náisiúnach. Duine den dream nuathofa sin ba ea John Hume agus shocraigh seisean páirtí nua a bhunú, an SDLP. Bhí Bríd ina ball den pháirtí nua seo. Dar leis an SDLP bhí todhchaí an Tuaiscirt ag brath ar chomhthuiscint agus ar chaoinfhulaingt idir na haicmí creidimh agus polaitíochta ann; níorbh fhiú a bheith ag caint ar athaontú na tíre gan aontacht idir na dreamanna éagsúla a mhaireann ar an oileán. Thaistil Bríd na ceithre hairde ag cur cumainn nua SDLP ar bun, agus mar aitheantas as an tsárobair sin toghadh ina Cathaoirleach ar an bpáirtí í, an chéad bhean riamh a bhain amach cathaoirleacht ar pháirtí polaitíochta ar an oileán seo.



**4** Lean stair fhuilteach an Tuaiscirt ar feadh breis agus tríocha bliain. Ar deireadh, áfach, síníodh Comhaontú Aoine an Chéasta agus tháinig Feidhmeannas Thuaisceart Éireann ar an bhfód. Ceapadh Bríd ina hAire Talmhaíochta. Post dúshlánach go maith ba ea é sin di. Bhí amhras mór fúithi ar Aontachtaithe sa phobal feirmeoireachta agus ní raibh cúlra talmhaíochta aici. Glactar leis, áfach, gur éirigh go maith léi mar aire. Bhuail sí amach i measc an phobail, rud a mhéadaigh muinín an phobail aisti mar Aire. Rinne sí dianstaidéar ar a cúraimí mar Aire. Chuir sí plean éifeachtach i bhfeidhm a chuir stop leis an ngalar crúibe is béil, a bhuail an pobal feirmeoireachta thuaidh agus theas. D'oibrigh Béal Feirste agus Baile Átha Cliath go dlúth le chéile le leas gach duine le linn na géarchéime sin.

# *Ceist 2* *ar leanúint*

## LÉAMHTHUISCINT 70 MARC

Freagair **A** *(ar leanúint)* anseo thíos ***agus*** **B** ar leathanaigh 6 agus 7.

**A** *ar leanúint* 35 mharc

**5** Tá Bríd Rogers imithe amach ar pinsean anois ach ní hionann sin is a rá go bhfuil sí díomhaoin. Is breá léi saoire a chaitheamh i nGaeltacht Thír Chonaill agus san Iodáil; oibríonn sí dá páirtí go fóill, agus feictear go rialta ar an teilifís í mar thráchtaire ar chúrsaí polaitíochta. Tá tuairimí láidre aici faoin nGaeilge, faoi ról na mban agus faoi thodhchaí a páirtí. Tuigeann sí tábhacht na Gaeilge: is seoid í a bhaineann le gach duine sa tír, na hAontachtaithe ina measc. Is breá léi mná a fheiceáil ag teacht chun cinn sa pholaitíocht, Sylvia Hermon (UUP), Iris Robinson (DUP) agus Bairbre de Brún (SF) mar shampla. Nuair a bhí Bríd ar scoil, deir sí, deirtí leis na cailíní go bhféadfaidís rud ar bith ba mhian leo a bhaint amach ach muinín a bheith acu astu féin. Bean mar Thaoiseach i mBaile Átha Cliath nó mar Chéad-Aire i mBéal Feirste, sin cuid den aisling atá aici do thodhchaí na tíre, agus ar ndóigh an SDLP a neartú arís. Níl a cuid oibre sa saol polaitiúil críochnaithe go fóill.

Bunaithe ar alt le Robert Mc Millen ar an iris idirlín *www.beo.ie*

### *Ceisteanna*

**1** (a) Cén deacracht a bhí ag Bríd agus í ar cuairt ar a muintir i nGaillimh, dar leis an gcéad alt? (4 mharc)

(b) Cén fáth nach ndeachaigh sí ag obair leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha mar a bhí pleanáilte aici, dar leis an gcéad alt? (3 mharc)

**2** (a) Cad is *gerrymander* ann, dar leis an dara halt? (4 mharc)

(b) Cén saghas oibre a chuir tús le saol polaitiúil Bhríd, dar leis an dara halt? (3 mharc)

**3** (a) Tabhair cuntas ar an dearcadh polaitiúil a bhí ag Hume, ag Rogers agus ag an bpáirtí a thosaigh siad, dar leis an tríú halt. (4 mharc)

(b) Cén fáth ar toghadh Bríd ina Cathaoirleach ar an SDLP, dar leis an tríú halt? (3 mharc)

**4** (a) Luaigh **dhá** dheacracht a bhí aici agus í ag tosú ag obair mar Aire Talmhaíochta, dar leis an gceathrú halt. (4 mharc)

(b) Cén fhianaise atá ann gur éirigh go maith léi mar Aire, dar leis an gceathrú halt? (3 mharc)

**5** (a) Luaigh **dhá** rud a dhéanann Bríd anois agus í ar pinsean, dar leis an gcúigiú halt. (4 mharc)

(b) Cén aisling atá ag Bríd do na mná sa pholaitíocht, dar leis an gcúigiú halt. (3 mharc)

# *Ceist 2* *ar leanúint*

## LÉAMHTHUISCINT 70 MARC


Freagair **B** ar na leathanaigh 6 (thíos) agus 7 (thall).

**B** –35 mharc

*Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.*
BÍODH NA FREAGRAÍ I D'FHOCAIL FÉIN, OIREAD AGUS IS FÉIDIR LEAT.

## AN TAOBH DORCHA DE GHAEL-MHEIRICEÁ

**1** Is é Whitey Bulger as Boston an coirpeach Gael-Mheiriceánach is déanaí a tharraing aird mhuintir na Stát Aontaithe air féin. Tá sé ar a choimeád ó na póilíní ó 1995, agus cé "go bhfeictear" go minic é níor éirigh leis an FBI breith air go fóill. Bhí ráfla ann gur tháinig Whitey chomh fada le Conamara fiú, ach dar leis an nuachtán *Foinse*, "is cosúil nach raibh aon fhírinne sna scéalta sin" (13 Samhain 2005). Ach ní hé Bulger an t-aon Ghael-Mheiriceánach atá i mbéal an phobail sna Stáit Aontaithe. Le cúig bliana déag anuas, tá an-chuid leabhar agus scannán ag teacht ar an margadh faoi choirpigh i Meiriceá le cúlra Éireannach, a tharraing an dlí agus na póilíní orthu féin. Tá an pobal thall ag triall ar na hamharclanna agus ar na siopaí leabhar ag cur spéise san ábhar; agus níl deireadh ráite fós.




**2** Is é *Paddy Whacked: The Untold Story of the Irish American Gangster,* leis an údar Gael-Mheiriceánach TJ English, an leabhar is déanaí ar an ábhar seo. Ag deireadh na n-ochtóidí, thosaigh English ag scríobh faoi thriail cháiliúil Mickey Featherstone. Phléigh sé an bhaint a bhí ag Featherstone leis na Westies, dream coirpeach a bhí gníomhach ar an taobh thiar de Manhattan. Bhí tuairim ag English go raibh baint ag na hÉireannaigh seo leis na coirpigh Iodálacha, an Mafia. Thosaigh sé ag fiosrú an scéil agus ba é an leabhar *The Westies* toradh a chuid oibre. Leabhar mór-ráchairte ba ea *The Westies* nuair a foilsíodh i 1990 é, a bhuíochas sin don scéal spéisiúil dea-inste atá ann, agus don *New York Times* a mhol go hard é, agus a roghnaigh é mar leabhar ab fhiú a cheannach agus a léamh.

**3** Sa scéal is déanaí uaidh, *Paddy Whacked,* ríomhann English scéal agus stair na gcoirpeach Gael-Mheiriceánach ó aimsir an Ghorta go dtí ár linn féin. Cuireann sé síos ar dhaoine a raibh an mhaith agus an t-olc iontu, a bhí cruálach agus míthrócaireach lena naimhde agus a bhris an dlí, ach a sheas lena gclann agus lena gcairde. Tugann sé, agus tuigeann sé, cúlra na ndaoine seo. D'fhág siad Éire agus iad beo bocht tar éis an Ghorta Mhóir. Chuaigh siad go cathracha ina raibh an dearg-ghráin ag daoine orthu. Rinneadh leatrom orthu – pá íseal, uaireanta fada oibre, ionsaithe ciníocha seicteacha. Níorbh aon iontas é, dar le hEnglish, gur thóg cuid acu an dlí ina lámha féin agus gur chas siad ar an gcoiriúlacht.

**4** Scéal suimiúil agus cur síos drámata atá i ngach leabhar a scríobh English. Ní haon iontas mar sin go dtaitníonn siad le pobal Mheiriceá, le húdair eile, agus le lucht na scannán go speisialta. Beidh cuimhne ag cuid mhór daoine ar ról Tom Hanks sa scannán *Road to Perdition*, agus é i bpáirt Mike Sullivan. Bhí an dúnmharfóir míthrócaireach agus an t-athair grámhar araon le feiceáil i bpearsantacht dhorcha chasta Sullivan – rud a léirigh Hanks go hiontach sa scannán. Scannán eile ar an ábhar seo ná *Gangs of New York* le Martin Scorsese. Spreag obair English údair eile chun spéis a chur sa chuid seo de stair Mheiriceá. Duine díobh siúd is ea Margaret Gaffney a scríobh *Metropolis.* Déanann an leabhar seo cur síos ar dhomhan folaithe Nua-Eabhrac, ar an taobh dorcha den chathair sin, áit a raibh an dream coiriúil The Whyos ina máistrí air.

# *Ceist 2* *ar leanúint*

## LÉAMHTHUISCINT 70 MARC

Freagair **B** *(ar leanúint)* anseo thíos.

**B** *ar leanúint* 35 mharc

5 Ach ní stair ó na seanlaethanta amháin atá anseo, mar is léir ó eachtra a tharla le fíordhéanaí i gcúirt in Manhattan. Bhí John Gotti os comhair na cúirte agus é curtha ina leith gur ball den *mob* é. D'inis finné don chúirt gur iarr Gotti ar an aisteoir cáiliúil Mickey Rourke gan páirt a ghlacadh i scannán nua faoi na Westies. Dar leis an bhfinné seo, chreid Gotti go gcuirfeadh an scannán míchlú air féin agus go dtarraingeodh sé drochphoiblíocht ar chairde leis. Dúradh sa chúirt go ndearna Rourke mar a d'iarr Gotti air, gur dhiúltaigh sé páirt sa scannán, rud a chuir iontas ar lucht scannán i Meiriceá. Ach ní raibh an finné sásta a rá, agus é faoi dhiancheistiú, go ndearnadh "tairiscint" (ofráil) do Mickey Rourke nach bhféadfadh sé diúltú di!

Bunaithe ar alt le Tom Deignan ar an iris idirlín *www.beo.ie*

### *Ceisteanna*

**1** (a) Luaigh **dhá** chúis a bhfuil aird an phobail ar Whitey Bolger faoi láthair, dar leis an gcéad alt. (4 mharc)

(b) Conas atá fhios againn, ón gcéad alt, go bhfuil spéis ag pobal Mheiriceá sna coirpigh Ghael-Mheiriceánacha seo? (3 mharc)

**2** (a) Cén t-ábhar a bhí ag TJ English ina leabhar *The Westies*, dar leis an dara halt? (4 mharc)

(b) Cén fáth ar éirigh chomh maith sin leis an leabhar *The Westies,* dar leis an dara halt? (3 mharc)

**3** (a) Cén saghas daoine iad na coirpigh Ghael-Mheiriceánacha seo, dar leis an tríú halt? (4 mharc)

(b) Cén fáth ar "thóg cuid acu an dlí ina lámha féin", dar leis an tríú halt? (3 mharc)

**4** (a) Cén saghas duine é Mike Sullivan, a ndearna Tom Hanks léiriú air sa scannán *Road to Perdition,* dar leis an gceathrú halt? (4 mharc)

(b) Céard a deirtear linn faoin údar Margaret Gaffney, dar leis an gceathrú halt? (3 mharc)

**5** (a) Cén fáth ar iarr Gotti ar an aisteoir gan páirt a ghlacadh sa scannán, dar leis an gcúigiú halt? (4 mharc)

(b) Cén "tairiscint" a d'fhéadfadh a bheith i gceist sa chúigiú halt, dar leat féin? (3 mharc)

Leathanach Bán

M 7A

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

| SCRÚDUIMHIR |
| --- |
| |

***Scrúdú na hArdteistiméireachta 2006***

| Stampa an Ionaid |
| --- |
| |

# *Gaeilge Ardleibhéal*

## Triail Chluastuisceana

100 MARC

**Déardaoin, 8 Meitheamh**
**Tráthnóna, 4.30 go dtí 5.10**

| *Don Scrúdaitheoir* | | | | | |
| --- | --- | --- | --- | --- | --- |
| **CUID A** | | **CUID B** | | **CUID C** | |
| Ceist | Marc | Ceist | Marc | Ceist | Marc |
| 1 | | 1 | | 1 | |
| 2 | | 2 | | 2 | |
| 3 | | 3 | | 3 | |
| Iom. | | Iom. | | Iom. | |

| *Na hIomláin* | |
| --- | --- |
| **A** | |
| **B** | |
| **C** | |
| **Gaeilge** | |
| **Móriomlán** | |

# *Treoracha d'iarrthóirí*

***Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.***

# *Cuid A*

Cloisfidh tú ***trí cinn*** d'fhógraí raidió sa chuid seo.
Cloisfidh tú gach fógra díobh FAOI DHÓ. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

## FÓGRA A hAON

**1.** **(a)** Cén fhéile a bheidh ag tosú ar an 20ú lá de Mhárta?

______________________________

**(b)** Cén áit a mbeidh an Fhéile ar siúl?

______________________________

**2.** Cé a osclóidh an Fhéile?

______________________________

**3.** **(a)** Cad a bheidh á léiriú le linn na Féile?

______________________________

**(b)** Cá bhfuil eolas faoin bhFéile le fáil?

______________________________

## FÓGRA A DÓ

**1.** Cad a bheidh ag tosú ar RTÉ/Raidió na Gaeltachta ar an 8ú lá de Bhealtaine?

______________________________

**2.** **(a)** Cé dó na cláir nua seo?

______________________________

**(b)** Cén teideal (t-ainm) a bheidh ar an tsraith nua clár?

______________________________

**3.** **(a)** Cad a bheidh ar siúl ar an tseirbhís seo den chéad uair?

______________________________

**(b)** Cén moladh atá á lorg ag RTÉ/Raidió na Gaeltachta don chéad chlár seo?

______________________________

## FÓGRA A TRÍ

**1.** Cé mhéad folúntas atá le líonadh?

______________________________

**2.** Luaigh **dhá** rud a bheidh mar chúram ar na daoine a gheobhaidh na postanna.

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**3.** **(a)** Luaigh cáilíocht **amháin** nár mhór a bheith ag na hiarrthóirí.

______________________________

**(b)** Cá bhfuil eolas le fáil faoin bpost?

______________________________

# *Cuid B*

Cloisfidh tú ***trí cinn*** de chomhráite sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh TRÍ hUAIRE.
Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina ***dhá mhír*** é. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh. Ina dhiaidh sin cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh arís.

## COMHRÁ A hAON

***An Chéad Mhír***

**1.** Cén t-ainm atá ar an eagraíocht a bhunaigh Adi Roche?

______________________________

**2.** Cén chaoi nach bhfuair Adi a ceart oíche na nOscars in Hollywood?

______________________________

**3.** Cad a cheap na léirmheastóirí den scannán seo, dar le Síle?

______________________________

***An Dara Mír***

**1.** Cá fhad atá Adi Roche ag obair do pháisti Chernobyl, dar le Síle?

______________________________

**2.** **(a)** Cad faoi a gcuireann Bob Geldof agus Bono náire ar cheannairí na dtíortha saibhre?

______________________________

**(b)** Cén fáth nach maith le Peadar Geldof agus Bono?

______________________________

## COMHRÁ A DÓ

***An Chéad Mhír***

**1.** Cén tuairim atá ag Breandán faoi na fóin nua 3G?

______________________________

**2.** Cén rud faoi na fóin seo a chuireann alltacht ar Róisín?

______________________________

**3.** **(a)** Cá bhfaighidh Breandán airgead le fón 3G a cheannach?

______________________________

**(b)** Cén fáth nach mbeidh cent ina phóca ag Breandán, dar le Síle?

______________________________

***An Dara Mír***

**1.** Cén tseirbhís a n-íocfaidh Breandán go daor aisti, dar le Róisín?

______________________________

**2.** Cén **dá** bhuntáiste iontacha a luann Breandán le fón 3G?

(a) ______________________________

(b) ______________________________

**3.** Cén locht beag amháin a fhaigheann Breandán ar Róisín?

______________________________

## COMHRÁ A TRÍ

***An Chéad Mhír***

**1.** **(a)** Cén saghas clár teilifíse atá i gceist ag Brian agus ag Máire?

______________________________

**(b)** Cén fáth ar stad Máire de bheith ag féachaint ar an gclár sin ar TG4?

______________________________

**2.** Cén moladh atá ag Brian do Mháire chun an clár sin a leanúint?

______________________________

***An Dara Mír***

**1.** Cad a deir Brian faoi na scéalta i Ros na Rún?

______________________________

**2.** Cén fáth nach mbíonn am ag Máire féachaint ar an teilifís chomh luath sin tráthnóna?

______________________________

**3.** Cén t-am a gcríochnaíonn Brian a chuid staidéir gach oíche?

______________________________

# Cuid C

Cloisfidh tú ***trí cinn*** de phíosaí nuachta raidió/teilifíse sa chuid seo.
Cloisfidh tú gach píosa díobh FAOI DHÓ. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

## PÍOSA A hAON

**1.** Cá raibh an scéal faoin gcartún seo i gcló?

______________________________

**2.** **(a)** Cad leis a mbaineann scéal an chartúin?

______________________________

**(b)** Cén rud a luaitear faoin lucht féachana atá ag an gcartún ar TG4?

______________________________

## PÍOSA A DÓ

**1.** Cá bhfuil an tAthair Micheál ina shagart paróiste?

______________________________

**2.** Cén gradam a bronnadh air?

______________________________

**3.** **(a)** Cár bronnadh an gradam air?

______________________________

**(b)** Cad a bhunaigh an tAthair Micheál do na seandaoine?

______________________________

## PÍOSA A TRÍ

**1.** Cén áit arb as don bheirt seo?

______________________________

**2.** Cén obair a bhí ar siúl ag an Athair Fionnbarra san India?

______________________________

**3.** Cén post atá ag Dónall in Éirinn?

______________________________